



Eleathanach 402



Dé Luain, an 7 Feabhra 2022



Druid na Róimhe

Gach geimhreadh, bíonn an spéir lán le héin os cionn na Róimhe, príomhchathair na hIodáile. Is radharc iontach é ag féachaint ar na mílte druid ag luascadh agus ag tumadh le chéile. Is éan beag álainn í an druid a bhfuil dath dubh le spotaí bána uirthi.

Nuair a stopann na héin chun a scíth a ligean ar na crainn, clúdaíonn a gcac na cosáin agus na gluaisteáin thíos. Spreagann seo údarás na cathrach gach bliain chun iarracht a dhéanamh eagla a chur orthu.

Scanraíonn na Rómhánaigh na druideanna sa tráthnóna nuair atá an ghrian go híseal sa spéir. Casann siad fuaimeanna le meascán de ghlaonna arda difriúla agus ardaíonn na héin sa spéir dá bharr sin.



Foclach: an leagan Gaeilge de Wordle!

Is cluiche focal ar líne é Wordle agus bíonn 6 iarracht agat chun focal Béarla 5 litir a thomhas. Tá a lán daoine ag imirt *Wordle* ar fud an domhain le tamall anuas agus iad ag roinnt na dtorthaí ar na meáin shóisialta.

Chruthaigh Josh Wardle ón mBreatain Bheag an cluiche. Le déanaí cheannaigh an *New York Times* an cluiche ar níos mó ná milliún dollar.

Le déanaí, chruthaigh Linda Keating leagan Gaeilge den chluiche. Tá an cluiche ar fáil ar líne agus cosúil leis an leagan Béarla bíonn 6 iarracht ann chun an focal a thomhas.

<https://www.foclach.com/>



BEIJING 2022



Cluichí Oilimpeacha an Gheimhridh

Tá Cluiche Oilimpeacha an Gheimhridh ar siúl faoi láthair i mBéising, sa tSín. Bhí Cluichí Oilimpeacha an tsamhraidh ar siúl sa chathair sin sa bhliain 2008.

Tá seisear ar fhoireann na hÉireann sa chomórtas. Beidh siad ag glacadh páirt in imeachtaí éagsúla i rith na míosa, le sciáil ina measc.

D'iompair Brendan Newby agus Elsa Desmond brat na hÉireann ag an searmanas oscailte Dé hAoine seo caite.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilte agus Gaelscoláiocht

